An Coiste Tréadach - Tuairisc Oibre 2019 agus 2020

Cathaoirleach: An tAth. Pádraig Ó Baoill SP
Rúnaí: Caitríona Uí Chatháin
Cisteoir: Dónall Ó Conaill
Comhaltaí: An tAth. Liam Ó Cuív Adm. EV, An Br. Dónal Ó hÉalaithe CFC, An tSr. Mairéad Ní Bhuachalla RSC (séiplíneach meánscoile), Aideen McBride (séiplíneach bunscoile), Paula Ní Shlatara agus Giollamuire Ó Murchú (ar son *Phobal an Aifrinn*).

Gnó an Choiste

Mar go raibh teora ar ghnó i 2020 clúdaíonn an tuairisc seo 2019 agus 2020 le chéile. Thionól An Coiste 10 gcruinniú sa tréimhse: ar 12 Feabhra, 12 Márta, 11 Aibreán, 14 Bealtaine,11 Meitheamh, 16 Meán Fómhair, 15 Deireadh Fómhair, 19 Samhain agus 10 Nollaig 2019, agus ar 18 Feabhra 2020. Tionóladh iad seo i gColáiste Chluain Life.

Bileog eolais agus earcú

Thug Tuairisc na Bliana 2018 cuntas ar bhunú An Choiste agus ar pholasaí na Deoise faoin gcúram anama i nGaeilge. Aontaíodh i 2019 bileog shimplí a eisiúint, ina mbeadh tuairisc, le grianghrafanna, ar réimsí oibre An Choiste: liotúirgí, craoltaí, an aontacht Chríostaí, Gaelscoileanna, agus foilsiúcháin. Faomhadh seo, agus leagan Béarla de, i Meán Fómhair 2019. Bhíothas á scaipeadh, mar chuid d'fheachtas le comhaltaí a earcú, ach stadadh de seo i rith na paindéime.

Liotúirgí

Tá nós na Gaeilge ag Aifrinn Domhnaigh i 16 eaglais sa Deoise. In 11 díobh seo, bíonn Aifreann gach seachtain leis an liotuirge uile i nGaeilge (agus seanmóir i nGaeilge i roinnt cás). Tá a leithéid de chúram ag teacht le polasaí na Deoise Aifrinn i nGaeilge a sholáthair i ngach dúiche, ar bhonn déanachta de ghnáth. Tacaíonn an Coiste leis na paróistí seo maidir le róta ceiliúraithe a eagrú. Mar a luaitear thíos, i rith na paindéime sholáthar an Coiste léachtaí an Aifrinn agus ábhar eile dóibh nuair nach raibh bileoga Aifrinn clóite ar fáil. Idir Iúil agus Nollaig 2020, agus srianta i bhfeidhm sna heaglaisí, d'atosaigh 6 cinn den 11 Aifreann seo.

An Coiste féin a eagraíonn na hAifrinn Domhnaigh agus Féile in Eaglais N. Eoin Soiscéalaí, Baile an tSaoir, agus in Aireagal an Aiséirí, Ard Aidhin. Sna cásanna sin, ceiliúradh Aifrinn go dtí 8 Márta 2020 i mBaile an tSaoir agus go dtí 14 Márta in Ard Aidhin. Atosaíodh an t-Aifreann i mBaile an tSaoir nuair a ceadaíodh sin i mí Iúil. Níor tharla sé sin in Ard Aidhin mar ná féadfaí rialacha sláinte na Deoise a chur i bhfeidhm ann de bharr leagan amach an Aireagail.

Ceiliúradh Aifreann na Féile Pádraig, i nGaeilge nó go dátheangach, i 27 eaglais sa Deoise sa bhliain 2019. Craoladh Aifreann ar líne Lá Fhéile Pádraig 2020 as 6 eaglais.

D'eagraigh an Cathaoirleach ár ngnáth-Aifrinn Carghais (Luan go hAoine, 1.15 pm) i Séipéal na Sacraiminte Beannaithe, Siulán Baitsiléir, i 2019, agus i 2020 amach go dtí 13 Márta. Bhí 14 sagart ag cuidiu leis an gcúram seo.

Sa bhliain 2019 d'eagraigh an Coiste ceiliúradh Thréan na Cásca agus Oíche Nollag ag Aireagal Ard Aidhin agus Séipéal Ollscoile Belfield (i 2019) mar is gnáth. Sa bhliain 2020, don chéad uair ó 1986 nuair a fhaobhaigh an Deoise an dá ionad don soláthar réigiúnda seo, ní fhéadfaí na liotúirgí a cheiliúradh iontu de bharr na paindéime.

Is dúshlán leanúnach don Choiste sagairt a fháil do na liotuirgí faoina chúram. Le go bhféadfaí na dualgais seo a chomhlíonadh, bhí an Coiste ag brath go mór tríd na blianta ar chabhair ó shagairt le líofacht Ghaeilge as na hoird rialta. Le blianta beaga anuas aistríodh alán acu seo amach as Baile Átha Cliath, I roinnt cásanna le dualgais Ghaeilge agus Ghaeltachta a ghlacadh i ndeoisí eile.

Maidir le hionaid do mhór-liotúirgí, i 2019 chuir na Braithre Críostaí Aireagal Ard Aidhin faoi riar Eaglais Ceartchreideamhach na Seirbe. De bharr athruithe inmheánacha ag an ionad, agus de bharr nósanna nua bainistíochta, tá amhras áirithe anois ar féidir Aifrinn, agus go háirithe príomh-liotúirgí bliantúla an Choiste, a cheiliúradh ann.

Craoltaí

Chuile bhliain réitíonn an Cathaoirleach go gcraolann Raidió na Gaeltachta Aifrinn Domhnaigh ón Deoise. Bhí dó dhéag de na craoltaí seo sa tréimhse: i dtuaisceart na cathrach, ag Aireagal Ard Aidhin (faoi dhó), Baile Dúill, Draighneán, Glas Naíon, agus Mullach Íde; sa taobh ó dheas ag Ascaill Choill na bhFeá (faoi dhó), Baile an tSaoir (faoi dhó), N. Peadar, Bré, móide *Aifreann an Oireachtais* ar 3 Samhain 2019 ó Óstán CityWest le Cór N. Michíl, Dún Laoghaire ag ceol. De bharr na paindéime, cealaíodh craoladh an 29 Márta 2020 ó N. Muire, Tamhlacht. Ní raibh craoltaí raidio ó shin.

I rith na bliana 2020, ámh, tosaíodh ar Aifreann an Domhnaigh a chraoladh ar líne ó roinnt eaglaisí: ar dtús ó N. Peadar Bré, Ascaill Choill na bhFeá, agus Páirc na Gráinsí, ní ba dhéanaí ó Bhaile an tSaoir, Rath Fearnáin, Domhnach Cearna agus Cluain Dolcáin. Sa bhreis ar seo bhí Aifreann Domhnaigh agus laethúil le fáil ar líne ó roinnt eaglaisí Gaeltachta.

Faoi iamh tá dhá liosta, den chúram i dtús 2020, agus de na hathruithe ó shin, craoltaí san áireamh.

Na Sacraimintí agus Gaelscoileanna

Tá 49 Gaelscoil agus 15 Gaelcholaiste sa Deoise. I 2019 agus 2020, chinntigh an Cathaoirleach go mbeadh ceiliúraithe acu, do Shacraimint an Athmhuintearais, don Chéad Chomaoineach, do shearmanas an tSolais agus do Shacraimint an Chóineartaithe. Ní raibh plé go fóill, ámh, faoi impleachtaí réitigh nua na Deoise faoin ullmhú do na Sacraimintí, do theaghlaigh na nGaelscoileanna.

Aontacht na gCríostaithe

Sa dá bhliain, d'eagraigh *Pobal an Aifrinn*, i bpáirt le *Cumann Gaelach na hEaglaise* de chuid Eaglais na hÉireann, an tseirbhís bhliantúil Eanáir d'Aontacht na gCríostaithe ag Ard-Teampall Chríost. Ar an dá ócaid bhí an tAth. Liam Ó Cuív EV i gcomhcheannas ar son an Ardeaspaig, agus Cór Ghaelscoil na Cille, Cill Dheagláin, páirteach. Ag seirbhís na bliana 2020, an tAth. Séamus Ó hÉanaí ó Dheoise na Mí, Uachtarán *Chumann na Sagart*, a thug an seanmóir.

Comhoibriú

Chuidigh *Pobal an Aifrinn* le hobair An Choiste mar is gnáth, le fógraíocht, ag soláthar meitheal tacaíochta d'Aifrinn an Charghais, agus ag riar Tréan na Cásca agus Oíche Nollag ag Belfield.

Mar nach raibh fáil ar bhileoga Aifrinn i rith na paindéime, gach mí ó Iúil 2020 amach, dháil *Pobal an Aifrinn*, trí *Ghael Linn*, leagain leictreonacha de léachtaí, Guí an Phobail, agus nótaí seanmóra Dhomhnaigh agus Féile, ar na heaglaisí uile in Éirinn a ghlacann bileoga, agus ar thuataí gníomhacha i mBaile Átha Cliath, le go mbeadh bun-áiseanna faoina láimh ag sagairt, léitheoirí agus ceoltóirí.

Foilseacháin agus fógraíocht

Thug Tuairisc na Bliana 2018 cuntas ar fhoilseacháin An Choiste: *An tAifreann Naofa* (2012) - leabhrán do shagairt, ina bhfuil téacs an Aifrinn, na paidreacha eocairisteacha d'Aifrinn le páistí san áireamh, sa dá teanga, agus dlúthdhiosca leis, agus *Cárta Guí* (2017), áis do lucht Céad Comaoineach.
I rith 2019 bhí leabhrán nua á ullmhú: treoir do mhúinteoirí, séiplínigh, paróistí agus tuismitheoirí ag ullmhú páistí don Chéad Fhaoistin. Bhí súil é a fhoilsiú i 2020 ach cuireadh seo ar athló.

Le cabhair Oifig Cumarsáide na Deoise, rinne An Coiste a ghnáth-fhógraíocht, faoi na príomh-líotúirgí réigiúnda: Tréan na Cásca agus Aifreann na hOíche Nollag ag Belfield agus Aireagal Ard Aidhin, agus freisin Aifrinn na Féile Pádraig ar fud na Deoise. I rith na paindéime, fógraíodh sonraí na gcraoltaí ar líne trí ríomhphost agus suíomh idirlíon na Deoise, á n-uasdátú go rialta.

An Coiste Tréadach – Report of Activities for 2019 and 2020

Chair:	Fr. Pádraig Ó Baoill PP
Secretary:	Caitríona Uí Chatháin
Treasurer:	Dónall Ó Conaill
Members:	Fr. Liam Ó Cuív Adm. EV, Br. Dónal Ó hÉalaithe CFC, Sr. Mairéad Ní Bhuachalla RSC (secondary school chaplain), Aideen McBride (primary school chaplain), Paula Ní Shlatara and Giollamuire Ó Murchú (for *Pobal an Aifrinn*).

Committee business

As business was limited in 2020, this report covers both 2019 and 2020. An Coiste held 10 meetings in the period: on 12 February, 12 March, 11 April, 14 May, 11 June, 16 September, 15 October, 19 November and 10 December 2019, and 18 February 2020. These were held in Clonliffe College.

Information leaflet and recruitment

The 2018 Report described how An Coiste was founded and the diocesan policy on pastoral care in the Irish language. It was agreed in 2019 to issue a simple leaflet which would give an account, with photographs, of An Coiste's areas of work: liturgy, broadcasts, Christian unity, Irish medium schools, and publications. This was approved, together with an English language version, in September 2019. It was being circulated, in an initiative to recruit members, but this was halted during the pandemic.

Liturgies

The use of Irish at Sunday Mass is customary in 16 churches in the Diocese. 11 of these have weekly Mass with the entire liturgy in Irish (and an Irish homily in some cases). Such provision matches the diocesan policy to provide Masses in Irish in each district, usually on a deanery basis. An Coiste assists these parishes to organise celebrant rotas. As noted below, during the pandemic An Coiste supplied them with Mass readings and other material when printed leaflets were not available. From July to December 2020, with restrictions in place in the churches, 6 of these 11 Masses resumed.

An Coiste itself administers the Sunday and Holy Day Masses at the Church of St John the Evangelist, Ballinteer, and the Oratory of the Resurrection, Artane. In these cases, Mass was celebrated to 8 March 2020 at Ballinteer, and to 14 March at Artane. At Ballinteer, Mass resumed once this was allowed in July. This did not occur at Artane as diocesan

health regulations could not be applied there due to the Oratory's layout.

Mass for St. Patrick's Day was celebrated, in Irish or bilingually, in 27 churches in the Diocese in 2019. On St. Patrick's Day 2020, Mass was broadcast on line from 6 churches.

In 2019, and in 2020 up to 13 March, the Chair also organised the usual Lenten Masses (Monday to Friday, 1.15 pm) in the Blessed Sacrament Chapel, Bachelors' Walk. 14 Priests assisted with this provision.

In 2019, An Coiste administered the celebration of the Easter Triduum and Christmas Eve at the Artane Oratory and at the University Chapel, Belfield, as usual. In 2020, for the first time since 1986 when the Diocese first endorsed these venues for this regional provision, these liturgies were not celebrated due to the pandemic.

It is a continuous challenge to An Coiste to find celebrants for the liturgies in its care. To be able to fulfil these obligations, An Coiste has been very dependent on help from fluent priests from the religious orders. In recent years, several of these were transferred from Dublin, in some cases to take up Irish language and Gaeltacht duties in other dioceses.

On the issue of venues for major liturgies, in 2019 the Christian Brothers placed the Artane Oratory in the care of the Serbian Orthodox Church. Due to internal changes at the venue and due to new management practices, there is now some doubt as to whether An Coiste's Masses, and especially the principal annual liturgies, can be celebrated there.

Broadcasts

Each year, the Chair arranges that Raidió na Gaeltachta broadcasts Sunday Masses from the Diocese. There were twelve such broadcasts in the period: in the north of the city, at the Artane Oratory (twice), Baldoyle, Drynam, Glasnevin, and Malahide, on the south side at Beechwood Avenue (twice), Ballinteer (twice), St. Peter's Bray, as well as *Aifreann an Oireachtais* on 3 November 2019 from the CityWest Hotel, with music from Cór N. Michíl, Dún Laoghaire. Due to the pandemic, the 29 March 2020 St. Mary's Tallaght broadcast was cancelled. There were no radio broadcasts since.

However during 2020, Sunday Mass in Irish began to be broadcast on line from some churches: initially St. Peter's Bray, Beechwood Avenue, and Grange Park, later from Ballinteer, Rathfarnham, Donnycarney and Clondalkin. Sunday and daily Mass was also available on line from several Gaeltacht churches.

Attached are two lists, of the provision in early 2020, and of the changes since, broadcasts included.

The Sacraments and Irish medium schools.

There are 49 Gaelscoileanna and 15 Gaelcholáistí in the Diocese. In 2019 and 2020 the Chair ensured they had celebrants, for the Sacrament of Reconciliation, for First Communion, for the Ceremony of Light and for the Sacrament of Confirmation. There has however been no discussion yet of the implications for Gaelscoil families of the new diocesan arrangements for sacramental preparation.

Christian Unity

In both years, *Pobal an Aifrinn* organised, jointly with the Church of Ireland's *Cumann Gaelach na hEaglaise* the annual January service in Irish for Christian Unity at Christchurch Cathedral.
On both occasions, Fr. Liam Ó Cuív EV co-presided on behalf of the Archbishop, and the choir of Gaelscoil na Cille, Ashbourne, participated. At the 2020 service, Fr. Séamus Ó hÉanaí of the Diocese of Meath, President of *Cumann na Sagart,* gave the homily.

Co-operation

Pobal an Aifrinn assisted as usual with An Coiste's work: with publicity, by providing a support team for the Lenten Masses, and in organising the Easter Triduum and Christmas Eve liturgy at Belfield.

As Mass leaflets were not available during the pandemic, every month from July 2020 onwards, *Pobal an Aifrinn*, through *Gael Linn*, distributed electronic versions of Sunday and Holy Day Mass readings, Prayers of the Faithful and homily notes to all churches in Ireland that take Mass leaflets, and to active laypeople in Dublin, so that clergy, readers and musicians would have key resources to hand.

Publications and publicity

The 2018 Report described An Coiste's publications: *An t-Aifreann Naofa* (2012) - a booklet for clergy providing the current text of the Mass, including the Eucharistic Prayers for Masses with children, in both languages, and an associated CD, and a *Carta Guí* (2017), an aid for First Communicants. During 2019, a new booklet was in preparation, a guide to teachers, chaplains, parishes and parents preparing children for First Confession. It was hoped to publish this in 2020 but this was postponed.

With the help of the Diocesan Communications Office, An Coiste engaged in its usual publicity for the principal regional liturgies: the Easter Triduum and Christmas Eve at Belfield and the Artane Oratory, and also the St. Patrick's Day Masses across the diocese. During the pandemic, details of on line broadcasts were publicised via e-mail and the diocesan website, and regularly updated.